ADVERT ID 156377

# General

### State Examinations Commission

Cornamaddy Athlone
https://www.publicjobs.ie

MAIN DETAILS

| | |
|---|---|
| **Status:** | Deactivated |
| **Level:** | Other Education |
| **Date Posted:** | Thu Jul 15 2021 12:18:18 |
| **Application Closing Date:** | Thu Jul 29 2021 |
| **Status of Post:** | Permanent |
| **Number of Vacancies:** | 1 |

POST DETAILS

**Title:** Bainisteoir Scrúduithe agus Measúnaithe – Gaeilge - Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**Description:** Tá Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) freagrach as reáchtáil na Scrúduithe Teastais Stáit. I measc na gcúramaí atá air, tá forbairt, measúnú, creidiúnú agus teastasú scrúduithe, lena n-áirítear scrúduithe na hArdteistiméireachta, na hArdteistiméireachta Feidhmí agus an Teastais Shóisearaigh.

Is í Rannóg na Scrúduithe agus an Mheasúnaithe (EAD) an rannóg ghairmiúil in CSS atá freagrach as dea-cháilíocht agus reáchtáil éifeachtach na scrúduithe uile de chuid an Choimisiúin a chinntiú. San áireamh ansin tá na bearta go léir atá riachtanach a dhéanamh chun cothroime sna caighdeáin i ngach ábhar ó bhliain go bliain a choinneáil, agus cinnte a dhéanamh de go mbíonn riachtanais agus nósanna imeachta an Choimisiúin á gcomhlíonadh. Ní mór a chinntiú freisin go gcuirtear an reachtaíocht ábhartha go léir san áireamh go hiomlán i réimsí amhail comhionannas, reachtaíocht in aghaidh leithcheala, riachtanais speisialta oideachais, etc. Tá an EAD freagrach freisin as taighde agus forbairt san eagraíocht.

Tá folúntas faoi láthair i gCoimisiún na Scrúduithe Stáit do Bhainisteoir Scrúduithe agus Measúnaithe sa Ghaeilge.

Beidh an t-iarrthóir rathúil ag tuairisciú do Cheannasaí Cúnta Rannóg na Scrúduithe agus an Mheasúnaithe agus beidh sé/sí freagrach as scrúduithe agus ábhar eile a bhaineann le scrúduithe a ullmhú chomh maith le bainistíocht a dhéanamh ar mharcáil scrúduithe agus ar an bpróiseas achomharc i dtaca le scrúduithe sannta.

Beidh na cáilíochtaí seo a leanas ag an iarrthóir rathúil:

• Céim leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (céim onóracha grád 1 nó 2 ar a laghad) ina raibh an Ghaeilge mar phríomhábhar sa chéim dheiridh;

• Cáilíocht aitheanta san oideachas múinteoirí a bhaineann leis an oideachas iar bhunscoile (leibhéal 8 ar a laghad ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) agus a fuarthas go comhreathach nó go comhleanúnach;

• Cúig bliana ar a laghad de thaithí ábhartha iarchéime, agus ní mór go mbeadh trí bliana ar a laghad de thaithí shásúil mar mhúinteoir ag leibhéal na hiar-bhunscoile san áireamh ansin (d'fhéadfadh léachtóireacht, breis staidéir ábhartha agus / nó taighde oideachais a bheith i gceist le taithí ábhartha eile).

Dáta Deiridh: Dé Deardáoin 29 Iúil 2021 ag 3i.n.

Táimid tiomanta do pholasaí comhdheiseanna agus spreagtar iarratais ó iarrthóirí a thagann faoi

rim na naoi bhforas de chuid an Achta um Chomhionannas Fostaíochta.

Le tuilleadh eolais agus sonraí maidir le hiarratas a dhéanamh a fháil, téigh go:
https://bit.ly/Eduposts_Ad_EAMIrish

## APPLICATION REQUIREMENTS

Applications may be submitted by

- External Application Form

## APPLY TO THIS JOB VACANCY

| | |
|---|---|
| **Apply To:** | EARCAÍOCHT GHAIRMIÚIL & THEICNIÚIL<br>TEACH NA CAIBIDLE<br>26 - 30 SRÁID NA MAINISTREACH UACHTARACH<br>BAILE ÁTHA CLIATH 1 |
| **County:** | Westmeath |
| **Enquiries To:** | professionaltechnical@publicjobs.ie |
| **Website:** | https://www.publicjobs.ie |
| **Further Information:** | https://bit.ly/Eduposts_Ad_EAMIrish |

Information contained within this advertisement is copyrighted by IPPN and licensed by IPPN for use by job-seekers only. The information herein may not be downloaded, copied or used for any other purposes, including its replication on other recruitment & advertising websites, without the express prior written permission of IPPN.